

Cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

- Imríonn siad ról lárnach maidir le cultúr gairmiúil coláisteach a fhorbairt agus muinín a ardú i dtaca leis na breithiúnais a dhéanann múinteoirí faoi fheidhmiú scoláirí.
- Cabhraíonn siad chun leanúnachas agus cothrom na Féinne a chinntiú laistigh de scoileanna agus ar fud scoileanna i dtaca le measúnú ar fhoghlaim scoláirí.
- Cabhraíonn siad le múinteoirí chun machnamh ar fhianaise na hoibre agus chun straitéisí foghlama agus teagaisc na hoibre sin a chomhroinnt.

Mairfidh an cruinniú AFMÁ tuairim ar dhá uair a chloig. Tabharfaidh bainistíocht na scoile dhá uair bhreise do mhúinteoir amháin ó gach ábhar sa scoil chun ullmhú le haghaidh gach cruinniú AFMÁ a éascú agus a chomhordú. Sa chás go mbíonn múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir a chur ar a chumas páirt a ghlacadh i gcrúinniú AFMÁ le scoil eile. Roinnfidh múinteoirí ról na héascaíochta le linn cruinnithe AFMÁ ar bhonn sealaíochta.

Roimh an gcrúinniú AFMÁ:

1. Athbhreithnigh samplaí cuí anótáilte CNCM (www.curriculumonline.ie)
2. Déan measúnú ar obair na scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta
 - a. Déan réamhbhreithiúnas agus tú ag breathnú ar agus ag éisteacht leis an scoláire cé acu atá a gcumarsáid ó bhéal ag an staid 'Fós leis na hionchais a shroicheadh'.
 - b. Má tá an bhuntairseach 'ag teacht le hionchais' sroichte acu, bog fríd na Táscairí leibhéil go dtí go dtagann tú ar cheann amháin acu ina bhfuil cumarsáid ó bhéal an scoláire ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta uile nó chóir a bheith iad uile ag an leibhéal.
3. Breac síos an Táscaire a tugadh do gach scoláire (b'fhéidir gur mian le múinteoirí pointe ar bith eile a mbeadh sé úsáideach tagairt a dhéanamh dó le linn nó i ndiaidh cruinniú AFMÁ.
4. Aimsigh sampla amháin d'obair scoláirí le haghaidh gach Tuairiscín, más féidir. Déanfar an obair sin a chlárú uair amháin.

Le linn an chruinnithe AFMÁ:

1. Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne sampla den obair a chur i láthair a mheas sé/sí a bheith ag an staid 'Fós leis na hionchais a shroicheadh'.
2. Tugann an múinteoir intreoir ghairid.
3. Stiúránn an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a oiread atá obair an scoláire ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta cuí. Má aontaítear leis an mbreithiúnas, déanann an t-éascaitheoir nóta de.
4. Mura mbíonn comhaontú ann, ba chóir don éascaitheoir roinnt samplaí anótáilte de chuid CNCM a roinnt leis an bhfoireann.

5. Cé gur chóir go leor ama a fhágáil le haghaidh plé, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil féin a úsáid chun cinneadh a dhéanamh cá huair is ceart bogadh ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.
6. Ba cheart ar a laghad dhá shampla do gach Táscaire a phlé. Ba cheart ar a laghad sampla amháin dá c(h)uid bheith pléite ag gach múinteoir le linn an chruinnithe.
7. Déantar an próiseas in athuair do gach Táscaire leibhéal.
8. Coinneoidh múinteoirí nóta de chinntí ar bith a dhéantar ar obair scoláire a bhfuil measúnú déanta orthu cheana féin le linn an chruinnithe, go háirithe i dtaca le Táscairí nach mbeadh ag teacht le breithiúnas formhór na múinteoirí.
9. Ba chóir béim a leagan ar cheisteanna ar bith a thagann aníos le linn AFMÁ i dtuairisc an éascaitheora.

I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ:

1. Meabhraíonn múinteoirí arís an measúnú a rinne siad ar obair a gcuid scoláirí agus mar is cuí déanann siad na coigeartuithe cuí ar a gcuid measúnuithe sealadacha.
2. Cuireann an t-éascaitheoir tuairisc ghairid le chéile agus tugann don phríomhoide é.
3. Thiocfadh leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí a gcuid samplaí d'obair scoláirí a chur isteach i mbanc samplaí.